

Bealaí Sábháilte chun na Scoile





Eochairfhocail: coiste sábháilteachta, moltaí, soilse tráchta,

Príomhscileanna: Éisteacht, scríobh, léitheoireacht.

Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:

1. Cad is ainm don cheantar atá i gceist sa mhír nuachta seo?
2. Cén fáth a mbíonn imní uaireanta ar Bella nuair a bhíonn sí ag dul ar scoil?
3. Cad ba mhaith le Ryan a fheiceáil níos gaire don scoil?
4. Ainmnigh deacracht amháin maidir le cúrsaí sábháilteachta a luann Róisín Ní Mhulláin?
5. Cén sprioc fhadtéarmach atá ag an gCoiste Sábháilteachta sna Forbacha?





Anois, tar éis duit na ceisteanna sin a fhreagairt, an féidir leat an chríoch cheart a mheaitseáil leis an tús abairte cuí. Féach ar an bhfíseán arís agus tú i mbun an cheachta seo.

Tá an Coiste Sábháilteachta sna Forbacha	ag dul ar scoil
Tá imní ar pháistí na scoile agus iad	Róisín Ní Mhulláin
Tá díomá ar Aisling toisc nach	bóthar níos sábháilte sa cheantar do na páistí scoil
Deir Ryan nach bhfuil aon	ndearna an Chomhairle Chontae aon rud go dtí seo
Is tuismitheoir de chuid na scoile sin í	ag iarraidh ar an gComhairle Chontae cabhrú leo maidir le ceansú tráchta sa cheantar
Ba mhaith le gach duine go mbeadh	soilse tráchta gar don scoil



Freagraí

1. Na Forbacha
2. mar bíonn na carranna ag gluaiseacht go han-tapa ar fad
3. soilse trácht
4. níl bealach sábháilte ag na páistí, easpa comharthaí soilse, deacrachtaí móra leis an trácht, an-chuid trácht ag dul thart agus an-chuid leanaí thart freisin
5. ceantar agus bóithre na scoile a dhéanamh níos sábháilte do leanaí na háite

1. Tá an Coiste Sábháilteachta sna Forbacha ag iarraidh ar an gComhairle Chontae cabhrú leo maidir le ceansú trácht sa cheantar.
2. Tá imní ar pháistí na scoile agus iad ag dul ar scoil
3. Tá díomá ar Aisling toisc nach
4. Deir Ryan nach bhfuil aon soilse trácht gar don scoil
5. Is tuismitheoir de chuid na scoile sin í Róisín Ní Mhulláin.
6. Ba mhaith le gach duine go mbeadh bóthar níos sábháilte sa cheantar do na páistí scoile